# FÓGRA - ALT 38

## Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach - Fógra maidir le comhairliúchán poiblí do Bhearta Maolaithe Tráchta i mBaile Chill Rícill (R446) agus sa gCeathrú Bhán (R349).

Faoi Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994, féadfaidh Údarás Bóithre, ar mhaithe le sábháilteacht agus áisiúlacht na n-úsáideoirí bóithre, cibé obair maolaithe tráchta a chur ar fáil a mheasann sé a bheith inmhianaithe i ndáil le bóthar poiblí faoina chúram.

Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe anois Bearta Maolaithe Tráchta a thógáil sna háiteanna seo a leanas:

**1. R446 i gCill Rícill, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.**

Mar achoimre ar na bearta beartaithe don áit seo (Faoi réir maoiniú agus Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair) tá:

- Ceithre chlár ardaithe a chur ar fáil agus na marcálacha bóthair agus an chomharthaíocht a ghabhann leo ar an R446.
- Athnuachan a dhéanamh ar an Dromchla Ard-Fhrithchuimilte ar gach bealach ar leith chuig an trasrian rialaithe do choisithe atá ann cheana.

**2. R349 sa gCeathrú Bhán, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe.**

Mar achoimre ar na bearta beartaithe don áit seo (Faoi réir maoiniú agus Iniúchadh Sábháilteachta Bóthair) tá:

- Dhá chlár ardaithe a chur ar fáil agus na marcálacha bóthair agus an chomharthaíocht a ghabhann leo ar an R349.

Tá na cláir ardaithe sa dá áit le bheith de réir shonraíocht Bhonneagar Iompair Éireann (TII).

Beidh tuilleadh eolais, lena n-áirítear líníochtaí do na tograí, ar fáil ar líne ar: https://consult.galway.ie/ ó Dé hAoine an 3 Iúil go dtí 15:00 Dé hAoine an 17 Iúil 2026. Is féidir iad a iniúchadh freisin, le linn gnáthuaireanta oibre, in Oifig

Ceantair Bhaile Locha Riach, Sráid na Beairice, Baile Locha Riach, le linn na tréimhse céanna atá luaite thuas.

Is féidir uiríll maidir leis na scéimeanna a luaitear thuas a dhéanamh i scríbhinn chuig an Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach, Ceantar Bardasach Bhaile Locha Riach, Oifig Ceantair Bhaile Locha Riach, Sráid na Beairice, Baile Locha Riach, nó go leictreonach trí https://consult.galway.ie/.

Tabhair ar aird go bhfoilseofar gach aighneacht a gheofar, ar an láthair nó i scríbhinn, tar éis dheireadh an chomhairliúcháin seo.

12pm Dé hAoine, an 24 Iúil 2026 an dáta deiridh a nglacfar le huiríll dá leithéi